An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

**FÓGRA POIBLÍ**

**ATHBHREITHNIÚ AR THOGHLAIGH DO PHARLAIMINT NA hEORPA**

I gcomhréir le halt 56 (1) den Acht um Athchóiriú Toghchán 2022, thug an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoir don Choimisiún Toghcháin chun athbhreithniú breise a dhéanamh ar thoghlaigh na hÉireann do Pharlaimint na hEorpa. Tugadh an treoir sin mar thoradh ar Chinneadh 2023/2061 ón gComhairle Eorpach (AE) an 22 Meán Fómhair 2023 lena ndearnadh comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa a dheimhniú a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 27 Meán Fómhair 2023. I measc ábhair eile, déantar foráil leis an gCinneadh ón gComhairle Eorpach go ndéanfar 14 fheisire a thoghadh chun Éire a ionadú i dtéarma 2024 - 2029 Pharlaimint na hEorpa. Mar thoradh ar an méadú ar bhallraíocht ó 13 go 14 FPE tá sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar ár dtoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa.

Is iad na forálacha a bhaineann le hathbhreithniú ar thoghlaigh in alt 56 (1) (a) agus in alt 57 (1) (a) den Acht um Athchóiriú Toghchán 2022, ná mar a leanas:

Ní mór don Choimisiún Toghcháin aird a thabhairt ar na nithe a leanas agus a thuarascáil á déanamh aige:

- An líon feisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa atá le toghadh sa Stát de réir mar a shonraítear faoi láthair mar thoradh ar na Conarthaí lena rialaítear na Comhphobail Eorpacha - is ionann an líon sin agus 14 anois tar éis an chinnidh ón gComhairle Eorpach an 22 Meán Fómhair 2023;
- beidh comhionannas réasúnach ionadaíochta ann idir na toghlaigh;
- toghfar 3, 4 nó 5 feisirí i ngach toghcheantar
- déanfar sárú teorainneacha contaetha a sheachaint a oiread agus atá sé praiticiúil
- beidh gach toghlach comhdhéanta de limistéir theorantacha

Bloc M, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 | R-phost info@electoralcommission.ie | www.electoralcommission.ie

- tabharfar aird ar cheisteanna geografacha lena n-áirítear gnéithe fisiceacha suntasacha agus méid agus dlús an daonra i ngach toghlach; agus
- faoi réir na bhforálacha thuas, déanfaidh an coiste a dhícheall chun leanúnachas a choimeád maidir le socrú na dtoghlach.

Cuireann an Coimisiún Toghcháin fáilte roimh aighneachtaí maidir le gnóthaí ar cheart a chur san áireamh agus tuairisc á déanamh ar thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart aighneachtaí a sheoladh chuig an gCoimisiún Toghcháin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 nó le ríomhphost chuigconstituencyreview@electoralcommission.ie

Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí an 29 Deireadh Fómhair 2023.

Foilseofar aighneachtaí a gheofar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Toghcháin ag www.electoralcommission.ie, agus is féidir breathnú orthu trí shocrú roimh ré. Éilítear ar an gCoimisiún tuarascáil ina bhfuil moltaí an Choimisiúin a chur faoi bhráid an Oireachtais tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dó treoir i scríbhinn a fháil ón Aire faoi alt 56 (1) (b) den Acht um Athchóiriú Toghchán, is é sin faoin 27 Samhain 2023.

# Ráiteas maidir le Forálacha Reachtaíochta agus Staitisticí Daonra a Bhaineann le Toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa

In alt 59(2) éilítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú, bunaithe ar an daonra sa tuarascáil ar Thorthaí an Daonáirimh, do thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa atá i bhfeidhm faoi láthair.

**Toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa**

Tá na toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa atá i bhfeidhm faoi láthair leagtha amach san Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2019, tar éis na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil ar Thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa 2018. Is ionann an líon iomlán ionadaithe atá le toghadh sa Stát do Pharlaimint na hEorpa arna shonrú de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus 14 anois i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach an 22 Meán Fómhair 2023.

**Staitisticí daonra do na toghlaigh**

Sna táblaí thíos áirítear na sonraí a leanas maidir le gach Dáilcheantar agus maidir le gach toghlach do Pharlaimint na hEorpa, bunaithe ar na sonraí daonra a tógadh ó Thorthaí Deiridh Dhaonáireamh 2022 (arna bhfoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh an 29 Meitheamh 2023). Leis na sonraí sin léirítear méadú foriomlán tuairim is 387,274, i réigiún Bhaile Átha Cliath den chuid is mó.

Maidir le toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe a leanas:

- Beidh líon iomlán na bhfeisirí atá le toghadh sa Stát do Pharlaimint na hEorpa comhionann leis an líon a d'fhéadfaí a shonrú de bhun na gConarthaí lena rialaítear na Comhphobail Eorpacha. Is ionann an líon sin agus 14 anois.
- Beidh comhionannas réasúnach ionadaíochta ann idir na toghlaigh.
- Toghfar 3, 4 nó 5 feisirí i ngach toghlach.
- Déanfar sárú teorainneacha contaetha a sheachaint a oiread agus atá sé praiticiúil.


• Beidh gach toghlach comhdhéanta de limistéir theorantacha.
• Tabharfar aird ar cheisteanna geografacha lena n-áirítear gnéithe fisiceacha suntasacha agus méid agus dlús an daonra i ngach toghlach; agus
• Faoi réir na ngnóthaí thuas, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun leanúnachas a choimeád maidir le socrú na dtoghlach.

**Tábla de Thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa**

- daonra gach toghlaigh in 2022;
- daonra in aghaidh an FPE i ngach toghlach in 2022;
- céatadán na difríochta sa daonra in aghaidh an FPE sa toghlach ón meándaonra náisiúnta in aghaidh an FPE, in 2022;
- líon na FPEnna i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach an 23 Meán Fómhair, 2023; agus
- an daonra in aghaidh an FPE i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach an 23 Meán Fómhair, 2023.

| An Toghlach Reatha | Daonra 2022 | Líon na FPEnna in 2022 | Daonra in Aghaidh an FPE | % na Difríochta ón Meándaonra Náisiúnta in aghaidh an FPE |
|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 1,458,154 | 4 | 364,539 | -0.89% |
| Lár Tíre-an tIarthuaisceart | 1,656,714 | 4 | 414,179 | +12.61% |
| An Deisceart | 2,034,271 | 5 | 406,854 | +10.62% |
| Iomlán | 5,149,139 | 13+1 suíochán breise le dáileadh | 367,796 | |

# European Parliament Constituencies 2019




Ordnance Survey Ireland
National Mapping Agency
www.osi.ie

Map is based on the Ordnance Survey by permission of the Government (Ordnance Survey Ireland Licence No. OSi_NMA_072/18) (c) Ordnance Survey Ireland / Government of Ireland

| An Toghlach Reatha | Limistéar | Daonra 2022 | Líon na FPEnna in 2022 | Daonra in Aghaidh an FPE | % na Difríochta ón Meándaonra Náisiúnta in aghaidh an FPE |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | Na contaetha a leanas: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas; agus cathair Bhaile Átha Cliath. | 1,458,154 | 4 | 364,539 | -0.89% |
| Lár Tíre-an tIarthuaisceart | Na contaetha a leanas: an Cabhán, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Dara, Liatroim, an Longfort, Lú, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach agus an Iarmhí; agus cathair na Gaillimhe. | 1,656,714 | 4 | 414,179 | +12.61% |
| An Deisceart | Na contaetha a leanas: | 2,034,271 | 5 | 406,854 | +10.62% |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Ceatharlach, an Clár, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Cill Mhantáin; agus cathair Chorcaí, agus cathair agus contae Luimnigh agus cathair agus contae Phort Láirge. | | | | |
| Iomlán | | 5,149,139 | 13 móide 1 suíochán breise le dáileadh | 367,796 | |

**Daonra Gach Contae de réir Dhaonáireamh 2022**

| **Contae** | **Daonra 2022** |
|---|---|
| | |
| Ceatharlach | **61,968** |
| An Cabhán | **81,704** |

| | |
|---|---|
| An Clár | **127,938** |
| Corcaigh | **584,156** |
| Dún na nGall | **167,084** |
| Baile Átha Cliath | **1,458,154** |
| Gaillimh | **277,737** |
| Ciarraí | **156,458** |
| Cill Dara | **247,774** |
| Cill Chainnigh | **104,160** |
| Laois | **91,877** |
| Liatroim | **35,199** |
| Luimneach | **209,536** |
| An Longfort | **46,751** |
| Lú | **139,703** |
| Maigh Eo | **137,970** |
| An Mhí | **220,826** |
| Muineachán | **65,288** |
| Uíbh Fhailí | **83,150** |
| Ros Comáin | **70,259** |
| Sligeach | **70,198** |
| Tiobraid Árann | **167,895** |
| Port Láirge | **127,363** |
| An Iarmhí | **96,221** |
| Loch Garman | **163,919** |
| Cill Mhantáin | **155,851** |
| | |
| **Iomlán** | **5,149,139** |